**NUAIR ATÁ MADRA AGAT:**


**Déan iad seo a leanas**

Glan suas i ndiaidh do mhadra má shalann sé in áit poiblí.
Bíodh ceadúnas cothrom chun dáta agat dod' mhadra.
Coinnigh do mhadra faoi smacht i gcónaí.
Bí ar an eolas faoi cad a theastaíonn ó do mhadra.
Déan cinnte go bhfuil coiléar agus diosca nó clib le do shonraí teagmhála air ar do mhadra i gcónaí.
Bíodh do mhadra coillte nó neodraithe mura bhfuil sé ar intinn agat iad a phórú.
Bíodh do mhadra vacsaínithe agus bí cinnte go bhfuil ábhar péiste tugtha dod' mhadra go rialta.


**Ná déan iad seo a leanas**

Déan faillí ar do mhadra.
Tabhair cead do do mhadra cur as dod' chomharsanacht.
Tabhair cead dod' mhadra an iomarca tafainn a dhéanamh.

Cuirfear An Garda Síochána ar an eolas faoi aon fhianaise chruálachta do mhadraí.



## D'FHIOSRÚCHÁIN AR BITH A BHAINEANN LE RIALÚ MADRAÍ TÉIGH I DTEAGMHÁIL LE:



**Seirbhís Maorachta Madraí**
Comhairle Contae Mhaigh Eo,
Áras an Chontae,
Caisleán an Bharraigh.

**Teil:** 094 906 4000
**R-phost:**
vetinfo@mayococo.ie
**Suíomh:** www.mayo.ie

Comhairle Contae Mhaigh Eo
Mayo County Council

Arna chlóbhualadh ar pháipéar a foinsíodh ó fhoraoisí
atá á mbainistiú ar bhonn inbhuanaitheach

Designed and printed by www.berryprintgroup.com

Comhairle Contae Mhaigh Eo
Mayo County Council

# CONAS A BHEITH I D'ÚINÉIR MADRA NÍOS FEARR



Treoir maidir le conas a bheith i d'úinéir níos fearr ar mHadra

**Tá an bhileog eolais seo curtha le chéile ag Comhairle Contae Mhaigh Eo chun cabhrú leat aire a thabhairt dod' mhadra ar bhealach freagrach.**

## CEADÚNAIS MADRAÍ

Ní mór go mbeidh ceadúnas ag úinéirí do gach madra atá acu agus athnuachan a dhéanamh ar na ceadúnais seo gach bliain. Cosnaíonn ceadúnais €20.00 agus is féidir iad a cheannach ar líne ag **www.licenses.ie** nó ó oifig an phoist. Caithfidh tú a bheith os cionn 16 bliain d'aois chun ceadúnas madra a fháil.

Is féidir le húinéirí ceadúnas shaolré madra a cheannach chomh maith. Tá an ceadúnas seo bailí ar feadh shaolré an mhadra, ar costas €140. Ní dhéanfar an ceadúnas a aisíoc ná a aistriú, agus tá sé ar fáil arlíne ag www.mayococo.ie/ga.


Mura bhfuil ceadúnas agat dod' mhadra, is féidir leis an Maor Madraí fíneáil de €100 a ghearradh ort. Mura n-íocann tú an fhíneáil seo d'fhéadfaí tú a ionchúiseamh.

## SALÚ MADRAÍ

Faoin Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997, tá dualgas dleathach ar úinéirí madraí salú a madra a ghlanadh má tharlaíonn sé in áiteanna poiblí, m.sh. ar an tsráid, faiche spóirt, talamh scoile, trá nó i bpáirc. Baol don tsláinte is ea faecas madra agus bíonn sé ina chúis le hionfhabhtú ar a dtugtar tocsacáiriáis agus is féidir le daoine an t-ionfhabhtú seo a tholgadh trí bheith i dteagmháil le faecas éillithe. Is tinneas tromchúiseach é Tocsacáiriáis Daonna agus d'fhéadfadh tú neamhord súile a fháil as agus daille fiú.




Gearrtar fíneáil ar an láthair **€150** ort nó uasfhíneáil **€3,000** sa chás go ndéanfar tú a chiontú sa Chúirt Dúiche. Tá fáil ar líon teoranta de shluaistín caca ó Roinn Comhshaoil Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Is féidir sluaistín caca a cheannach i bhformhór siopaí crua earraí agus peataí.



## DO MHADRA A CHOIMEÁD FAOI SMACHT

Ceanglas dleathach is ea do mhadra a choimeád faoi smacht i gcónaí faoin Acht um Rialú Madraí 1986. Is féidir le madraí a fhágtar gan smacht a bheith dainséarach do dhaoine, ainmhithe eile agus iad féin.

## TUAIRISCIÚ MADRAÍ GAN IARRAIDH AGUS MADRAÍ ATÁ AG FÁNAÍOCHT

Má bhíonn madraí ag fánaíocht i do cheantar téigh i dteagmháil le Seirbhís Maorachta Madraí de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Coimeádfar na madraí sa Phóna ar feadh chúig lá. Mura fhaightear úinéir an mhadra faoin am sin déanfaidh Comhairle Contae Mhaigh Eo dianiarracht baile nua a fháil don madra.

Má chaill tú do mhadra téigh i dteagmháil leis an tSeirbhís Maorachta Madraí chun cabhrú leat do mhadra a fháil ar ais. Chabhróidh grianghraif go mór leis an tseirbhís agus iad ag cuardach do mhadra agus is féidir é seo a sheol chucu trí ríomhphoist.

## BAILE NUA A THABHAIRT DO MHADRA

Má tá tú ag iarraidh baile nua a thabhairt do mhadra téigh i dteagmháil le Seirbhís Maorachta Madraí Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Faraor tréigtear a lán madraí gach uile bhliain agus tá baile nua de dhíth go mór orthu.

## COILLEADH/NEODRÚ

Is iad coilleadh agus neodrú na gnáthaimh mháinliachta a dhéantar le stop a chur le madraí coileáin a thabhairt ar an saol. Cuirfidh sé seo cosc leis na mílte coileán nach dteastaíonn a chuir síos gach uile bhliain.

## AITHEANTAS MADRAÍ

Ní mór go mbeidh gach uile mhadra inaitheanta trí shuaitheantas nó pláta a bheith ceangailte lena gcoiléar ar a sonraítear ainm agus sonraí teagmhála an úinéara. D'fhéadfadh feistiú breise micrishlise bheith ina láimh chúnta maidir le haisghabháil do mhadra sa chás go mbíonn sé/sí caillte. Téigh i dteagmháil le do Thréidlia áitiúil le haghaidh tuilleadh eolais ar mhicrishliseanna.


## MADRAÍ AG TAFANN

Tá sé ina chion má bhíonn madra ag tafann an iomarca agus ag cur isteach ar dhaoine. Má bhíonn tafann seasmhach ag cur isteach ort, tig leat gearán a dhéanamh leis an gCúirt Dúiche. Téigh i dteagmháil leis an gCúirt Dúiche nó amharc ar www.mayococo.ie/ga le haghaidh an fhoirm chuí.

## MADRAÍ DAINSÉARACHA

**Ní mór féasrach** a chur ar na saghsanna madraí seo a leanas i gcónaí agus iad i measc an phobail:

1. Tarbh-bhrocaire Meiriceánach.
2. Iallmhadra.
3. Tarbhmhaistín.
4. Pinséir Dobermann.
5. Tarbh-bhrocaire Sasanach.
6. German Shepard/Alsáiseach.
7. Aicíte Sheapánach.
8. Tósa Seapánach.
9. Dronnach Róidéiseach.
10. Rótvaidhléir.
11. Tarbh-bhrocaire Staffordshire.
12. Crosphórú ar bith idir na madraí thuas.



Sa mhullach air sin, ní mór do dhuine atá breis agus 16 bliana d'aois bheith i gceannas ar na madraí seo agus iad a choimeád ar thréanslabhra nó ar thréaniall nach bhfuil níos faide ná dhá mhéadar.